Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0097

Neamhchur i bhfeidhm dleachtanna custaim ar allmhairí earraí áirithe

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 26 Márta 2026 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le neamhchur i bhfeidhm dleachtanna custaim ar allmhairí earraí áirithe (COM(2025)0472 – C10-0192/2025 – 2025/0260(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0070/2026).

Leasú 1
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) An 16 Nollaig 2020, chun suaitheadh a sheachaint agus chun leanúint d'fheabhas a chur ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta leis na Stáit Aontaithe, ghlac an tAontas Rialachán (AE) 2020/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díchur dleachtanna custaim ar earraí ***áirithe***, ***go háirithe cineálacha áirithe*** gliomach, rialachán ***is infheidhme*** ón 1 Lúnasa 2020. Chuaigh an Rialachán sin in éag an 31 Iúil 2025.	(2) Chun suaitheadh a sheachaint agus chun leanúint d'fheabhas a chur ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta leis na Stáit Aontaithe***, chomhaontaigh an tAontas agus na Stáit Aontaithe ar an Ráiteas Comhpháirteach maidir le Comhaontú Taraife, a fógraíodh an 21 Lúnasa 2020, faoinar gheall an tAontas deireadh a chur leis na taraifí ar allmhairí táirgí gliomaigh beo agus reoite ó na Stáit Aontaithe agus gheall na Stáit Aontaithe a rátaí taraife a laghdú 50 % ar tháirgí áirithe arna n-onnmhairiú ag an Aontas ar fiú USD 160 milliún iad, lena n-áirítear béilí ullmhaithe áirithe, earraí gloine criostail áirithe, ullmhóidí dromchla, púdair thiomáinteacha, lastóirí toitíní agus comhpháirteanna lastóirí.*** An 16 Nollaig 2020***, chun an Teachtaireacht Chomhpháirteach sin ó 2020 a chur chun feidhme,*** ghlac an tAontas Rialachán (AE) 2020/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] maidir le díchur dleachtanna custaim ***ar bhonn erga omnes, ar líon teoranta*** earraí***, lena n-áirítear táirgí gliomaigh bheo agus reoite de thionscnamh na Stát Aontaithe, don tréimhse*** ón 1 Lúnasa 2020 ***go dtí an*** 31

	Iúil 2025.
_____	_____
[1] Rialachán (AE) 2020/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le díchur dleachtanna custaim ar earraí áirithe (IO L 430, 18.12.2020, lgh. 1-4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2131/oj).	[1] Rialachán (AE) 2020/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le díchur dleachtanna custaim ar earraí áirithe (IO L 430, 18.12.2020, lgh. 1-4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2131/oj).
Leasú 2 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 4**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Dá réir sin, ***na*** dleachtanna custaim ar allmhairí na n-earraí a aicmítear faoi na cóid AC a liostaítear san Iarscríbhinn, ba cheart feidhm a bheith acu ***ar leibhéal 0 % fad a bheidh an Comhráiteas á chur chun feidhme go héifeachtach ag na Stáit Aontaithe***.	(4) Dá réir sin, ***chun cur isteach ar thrádáil a sheachaint, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag fionraí na ndleachtanna*** custaim ar allmhairí na n-earraí a aicmítear faoi na cóid AC a liostaítear san Iarscríbhinn ***ón 1 Lúnasa 2025 go dtí an 31 Nollaig 2028.***
Leasú 3 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 4 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Ba cheart d'údaráis chustaim na mBallstát a áirithiú gur de thionscnamh na Stát Aontaithe i ndáiríre iad táirgí a thairbhíonn de dhleachtanna custaim 0 % agus nach ndéanfar iad a athonnmhairiú ná a iompar trí thríú tíortha, chun nach rachfar timpeall ar fhorálacha

taraife.

Leasú 4
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Chun ***coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme*** an Rialacháin seo***, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don*** Choimisiún ***neamhchur i bhfeidhm na ndleachtanna custaim a chur ar fionraí ach imthosca áirithe a theacht i gceist. Ba cheart na cumhachtaí*** sin ***a fheidhmiú*** i gcomhréir leis ***an nós imeachta scrúdúcháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ***ón*** gComhairle***[3]***.	(5) Chun ***na fabhair taraife a dheonaítear leis an Rialachán seo a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun cur i bhfeidhm Airteagal 1*** den Rialachán seo ***a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an*** Coimisiún ***i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin*** sin i gcomhréir leis ***na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[3]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann*** Parlaimint na hEorpa agus ***an*** Chomhairle ***na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn***

rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

_____

[3] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.***eu/eli/reg/2011/182/oj).***

_____

[3] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.***eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.***

Leasú 5
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Faoin 30 Meitheamh 2028, ba cheart don Choimisiún tuarascáil mheastóireachta chuimsitheach a fhoilsiú maidir le tionchar an Rialacháin seo ar tháirgeoirí an Aontais, an comhardú trádála déthaobhach earraí idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, lena n-áirítear anailís ar na hearnálacha ina bhfuil méadú nó laghdú tagtha ar spleáchas mhargadh an Aontais ar earraí de thionscnamh na Stát Aontaithe, agus ar an tionchar ar bhuiséad an Aontais agus

	airgeadas na mBallstát. I gcás inarb iomchuí, ba cheart togra reachtach chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a shíneadh a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin.
Leasú 6	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 6 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) Rinneadh measúnú[+] ar impleachtaí an Rialacháin seo ar bhuiséad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 310(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a leithdháileadh chun é a chur chun feidhme, agus tionchar a mhaoinithe ar chláir nó beartais eile de chuid an Aontais á chur san áireamh agus a chomhoiriúnacht leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil, leis an gcóras acmhainní dílse agus leis an gcomhaontú idirinstitiúideach comhfhreagrach, chomh maith leis na prionsabail bhuiséadacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á háirithiú[1s]
	[+] Pro memoria: Measúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid i bParlaimint na hEorpa an 11 Nollaig 2025 ar an togra le haghaidh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le neamhchur i bhfeidhm dleachtanna custaim ar allmhairí earraí áirithe (COM(2025)0472).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Leasú 7
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún ***gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear*** cur i bhfeidhm Airteagal 1 ar fionraí go hiomlán nó go páirteach sna imthosca seo a leanas:	***Tugtar de chumhacht don*** Choimisiún***, i gcomhréir le hAirteagal 3a, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo chun*** cur i bhfeidhm Airteagal 1 ***a chur ar fionraí*** go hiomlán nó go páirteach sna imthosca seo a leanas:

Leasú 8
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) i gcás ina bhforchuireann na Stáit Aontaithe taraifí breise ar earraí a allmhairítear ón Aontas a sháraíonn an uasteorainn taraife 15 % nó

	ina modhnaíonn siad an t-aicmiú táirgí le héifeacht an leibhéal taraife a mhéadú;

Leasú 9
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) i gcás ina bhfuil tásca leordhóthanacha go ngníomhóidh na Stáit Aontaithe ar an mbealach dá dtagraítear i bpointe (a) amach anseo;	(b) i gcás ina bhfuil tásca leordhóthanacha go ngníomhóidh na Stáit Aontaithe ar an mbealach dá dtagraítear i bpointe (a) ***nó pointe (aa)*** amach anseo;

Leasú 10
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) i gcás ina bhfuil athrú tagtha ar imthosca oibiachtúla maidir leis na himthosca sin a bhí ann tráth a eisíodh an Comhráiteas.	(c) i gcás inar tháinig athrú ar imthosca oibiachtúla maidir leis na himthosca sin a bhí ann tráth a eisíodh an Ráiteas Comhpháirteach***, go háirithe maidir le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, ar phrionsabail bhunúsacha an daonlathais agus ar an smacht reachta, chomh maith le bagairtí ar leasanna slándála bunriachtanacha an Aontais nó a Bhallstát, lena n-áirítear a n-iomláine chríochach agus a ngné eacnamaíoch, agus ar a mbeartais eachtracha agus chosanta***.

Leasú 11
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ***3(2)***.	***I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún cur i bhfeidhm*** Airteagal ***1 ar fionraí go páirteach, leasóidh sé an Iarscríbhinn trí raon feidhme na n-earraí a chumhdaítear a laghdú***.

Leasú 12
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh feidhm ag ***an ngníomh cur chun feidhme*** dá dtagraítear i mír 1 fad a bheidh na himthosca dá dtagraítear i mír 1 fós ann.	2. Beidh feidhm ag ***na gníomhartha tarmligthe*** dá dtagraítear i mír 1 fad a bheidh na himthosca dá dtagraítear i mír 1 fós ann ***agus in aon chás tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2028. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach bhfuil feidhm a thuilleadh leis na cúiseanna lena dtugtar údar le fionraí, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 3a, chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun cur i bhfeidhm Airteagal 1 a athbhunú, nó, sa chás dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, den Airteagal seo, chun an Iarscríbhinn a leasú dá réir.***

Leasú 13
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 3	***scriosta***
Nós imeachta coiste	
1. Déanfaidh an Choiste um Bacainní Trádála a bunaíodh le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cúnamh a thabhairt don Choimisiún[4].	
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.	

[4] Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 272, 16.10.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1843/oj).

Leasú 14
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3a
	An tarmligean a fheidhmiú
	1. Is faoi réir na

gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2 a thabhairt don Choimisiún ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí an 31 Nollaig 2028.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh

tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leasú 15
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4a
	Meastóireacht agus tuairisciú
	1. Faoin... [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta shealadach a fhoilsiú ar thionchar an Rialacháin seo.
	2. Faoin 30 Meitheamh 2028, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta chuimsitheach ar thionchar an Rialacháin seo. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin freisin ar fhorbairt an chaidrimh trádála agus infheistíochta maidir le táirgí a thagann faoi raon feidhme

	an Rialacháin seo idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe ón 1 Lúnasa 2025.
	3. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a shíneadh ag gabháil leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2.
	4. Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas, go rialta agus go tráthúil, faoi fhorbairtí ábhartha i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Leasú 16
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm aige ón 1 Lúnasa 2025.	Beidh feidhm aige ón 1 Lúnasa 2025 ***go dtí an 31 Nollaig 2028***.